# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **sona**?
   (a) Áthasach
   (b) Lag
   (c) Trom

2. Tá an frása **níorbh fhada go raibh deireadh leo** i bparagraf 3. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **crúcach**?
   (a) Crosta
   (b) Díreach
   (c) Contráilte

4. Is oileán é Oileán Mhuirís. Ainmnigh 3 oileán eile.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. An dtig leat smaoineamh ar ainmhí ar bith eile atá imithe in éag?

5. Cad é a thiocfadh linn a dhéanamh anois lena chinntiú nach n-imeoidh ainmhí ar bith eile in éag, do bharúil?

Rewarding Learning


Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

2 An Dódó – Éan atá imithe in éag

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## An Dódó – Éan atá imithe in éag

# An Dódó

Cé nach bhfaca duine ar bith againn an **dódó** riamh chuala muid uilig faoi. Tá clú agus cáil ar an dódó ach tá an dódó imithe in éag leis na céadta bliain anois. Sin an fáth a gcluineann muid an nathán cainte *chomh marbh leis an dódó*. Éan ramhar trom a bhí ann. Bhí cuma aisteach air mar bhí a chloigeann mór, bhí gob beag **crúcach** air agus bhí a chorp beag bolgach. Cé gur éan a bhí ann, ní raibh eitilt aige. Bhí cosa gairide laga air, rud nár chuidigh leis rith, agus sciatháin bheaga ghairide air, rud nár chuidigh leis eitilt!

Níor mhair an dódó ach ar Oileán Mhuirís amháin, oileán atá in aice le cósta na hAfraice. Mhair siad go **sona** sásta ar an oileán go dtí gur tháinig mairnéalaigh ar longa ón Phortaingéil sa bhliain 1507. Thug na mairnéalaigh madaí, cait, muca agus ainmhithe eile leo go hOileán Mhuirís agus ba iad na hainmhithe sin a rinne dochar mór don dódó. Mharaigh siad cuid mhór acu.

Chomh maith leis sin, shíl na mairnéalaigh féin go raibh an dódó iontach amaideach agus greannmhar. Thug siad cuid mhór acu abhaile leo chuig zúnna. Mar gheall air seo, agus mar gheall ar líon na ndódónna a maraíodh, **níorbh fhada go raibh deireadh leo** ar fad. Fuair an dódó deireanach ar domhan bás ar Oileán Mhuirís sa bhliain 1662, rud a chiallaíonn go bhfuil sé imithe in éag le blianta fada. Ní fheicfidh duine ar bith dódó beo arís go deo. Tá súil agam nach dtarlóidh sin d'ainmhithe eile an domhain.




# Ceisteanna

1. **Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Tá an dódó le feiceáil i zúnna go fóill
(b) Ní mhaireann an dódó níos mó
(c) Maireann an dódó ar Oileán Mhuirís amháin

2. **Cé acu frása a insíonn dúinn nach bhfuil an dódó beo níos mó?**
(a) Bhí cuma aisteach air
(b) Tá clú agus cáil ar an dódó
(c) Tá an dódó imithe in éag

3. **Cad é a bhí aisteach faoin dódó mar éan?**
(a) Bhí sé deas le hithe
(b) Ní raibh sé ábalta eitilt
(c) Éan iontach beag a bhí ann

4. **Cé acu paragraf ina bhfuil an t-údar ag cur síos ar an chuma a bhí ar an dódó?**
(a) Paragraf 1
(b) Paragraf 2
(c) Paragraf 3

5. **Cén dá rud is mó a chuir deireadh leis an dódó?**
(a) Ní raibh rud ar bith le hól ná le hithe acu
(b) D'athraigh an aimsir agus an timpeallacht
(c) Mairnéalaigh ón Phortaingéil agus ainmhithe eile

6. **Cad é a shíl na mairnéalaigh den dódó, do bharúil?**
(a) Go raibh sé iontach cliste
(b) Go raibh sé bómánta
(c) Go raibh sé deas le hithe

7. **Tá an focal dódó in úsáid mar:**
(a) briathar.
(b) ainmfhocal.
(c) réamhfhocal.

8. **Cén sórt téacs é seo?**
(a) Dialann
(b) Dán
(c) Neamhfhicsean